RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/150 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Eanáir 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagail 31(3), 36(4) agus 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/429 leagtar síos rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de agus leagtar síos an chaoi a bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla de ghalair liostaithe. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b) de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c) de, agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin maidir leis an bhformheas nó an tarraingt siar a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalar Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), de.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([2]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú, a choinneáil, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe éigeantach nó roghnach le haghaidh Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir leis na galair liostaithe ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair agus neamh-vacsaínithe Ballstát áirithe nó criosanna nó deighleog díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go háirithe, liostaítear ann sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas saor ó ghalar acu. De thoradh na staide eipidéimeolaíche maidir le galair áirithe a bheith ag athrú, is gá anois iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú chun Ballstáit nua nó criosanna díobh atá saor ó ghalair a liostú agus chun limistéir nó deighleoga ina ndeimhnítear ráigeanna galair nó nach bhfuil na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a choinneáil ar bun á gcomhlíonadh iontu a thuilleadh a scriosadh ó na liostaí.

(4) Maidir le hionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis, M. caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC), ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV), ionfhabhtú le buinneach víreasach bhólachta (BVD), ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (BTV), agus ionfhabhtú le seipticéime fhuilreatha víreasach (VHS), chuir roinnt Ballstát iarratas faoi bhráid an gCoimisiún le déanaí go ndeonófaí stádas saor ó ghalair do chuid dá gcríoch. Thug roinnt Ballstáit fógra freisin faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), BTV, agus ionfhabhtú le neacróis fhuilghinte (IHN), ráigeanna nach mór a chur in iúl in Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78).

(5) Maidir le hionfhabhtú le MTBC, chuir an Spáinn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar a aithint i leith ionfhabhtú le MTBC a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 i gComhphobail Uathrialacha na nOileán Bailéarach, an Chatalóin agus Murcia. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith MTBC. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalar acu i leith ionfhabhtú le MTBC.

(6) Maidir le hionfhabhtú le ADV, chuir an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar a aithint i leith ADV, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i réigiúin Trento agus Veneto. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin critéir Chuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith ADV. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalar acu i leith ionfhabhtú le ADV.

(7) Maidir le hionfhabhtú le BVD, chuir an Ghearmáin faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar a aithint i leith BVD, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, maidir le Dachau, Straubing-Bogen agus Günzburg sa Bhaváir. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith BVD. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalar acu i leith ionfhabhtú le BVD.

(8) Thug an Ungáir fógra don Choimisiún faoi roinnt ráigeanna d'ionfhabhtú le RABV i gcontae Szabolcs-Szatmár-Bereg. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalar i leith ionfhabhtú le RABV ag críoch iomlán na hUngáire, agus go liostaítear í i gCuid I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalar maidir le contae Szabolcs-Szatmár-Bereg a tharraingt siar, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Ungáir sa liosta sin a leasú dá réir.

(9) Maidir le hionfhabhtú le RABV, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ungáir freisin ar chlár díothaithe a bheith formheasta do chontae Szabolcs-Szatmár-Bereg. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le cláir dhíothaithe le haghaidh ionfhabhtú le RABV a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart contae Szabolcs-Szatmár-Bereg a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil clár díothaithe formheasta aige le haghaidh ionfhabhtú le RABV.

(10) Thug an Phortaingéil fógra don Choimisiún faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le BTV séiritíopa 4 i gceantair Aveiro, Bragança, Coimbra, Guarda agus Viseu, ráigeanna a bhuail na ceantair máguaird freisin. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalar ag na ceantair sin, agus go liostaítear iad i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalar i leith ionfhabhtú le BTV a tharraingt siar, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an bPortaingéil sa liosta sin a leasú dá réir.

(11) Thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le BTV séiritíopa 4 i gcúige Toledo i gComhphobal Uathrialach Castilla-La Mancha, agus i gcúige Salamanca i gComhphobal Uathrialach Castilla y Leon, ráigeanna a bhuail limistéir i gcúige Avila agus Zamora freisin. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalar ag na limistéir sin, agus go liostaítear iad i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalar i leith ionfhabhtú le BTV a tharraingt siar, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Spáinn sa liosta sin a leasú dá réir.

(12) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, chuir an Spáinn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin freisin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar BTV a aithint i gcás réigiúin áirithe de Chomhphobail Uathrialacha Aragón agus Navarra agus i gcás réigiúin áirithe de Chomhphobal Uathrialach Thír na mBascach. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith BTV. Ós rud é gur díothaíodh ionfhabhtú le BTV ó na Comhphobail Uathrialacha sin, ba cheart, dá bhrí sin, críoch iomlán na gComhphobal Uathrialacha sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar chríoch a bhfuil stádas saor ó ghalar aici i leith ionfhabhtú le BTV.

(13) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, chuir an Ghearmáin faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar i leith BTV a aithint i gcás Bundesland Saarland, agus i gcás codanna áirithe de Bundesland Rhineland-Palatinate. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith BTV. Dá bhrí sin, ba cheart an crios sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil stádas saor ó ghalar aige i leith ionfhabhtú le BTV.

(14) A mhéid a bhaineann le VHS, chuir an Fhionlainn faisnéis ar fáil lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalar i leith VHS i gcás chúige Åland. Comhlíonann an fhaisnéis sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalar a dheonú i leith VHS. Ós rud é gur díothaíodh VHS ó chúige Åland, ba cheart, dá bhrí sin, críoch iomlán na Fionlainne a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar chríoch a bhfuil stádas saor ó ghalar aici i leith VHS.

(15) Ina theannta sin, thug an Fhionlainn fógra don Choimisiún faoi ráig de IHN i gCúige Åland, i limistéar a liostaítear mar limistéar a bhfuil stádas saor ó ghalar aige in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620. Dá bhrí sin, ba cheart stádas saor ó ghalar an limistéir ionfhabhtaithe a tharraingt siar agus ba cheart an deighleog sin a scriosadh ó Chuid I den Iarscríbhinn sin, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an mBallstát sin sa liosta sin a leasú dá réir.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II, III, VI, VII, VIII, XII agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.

(17) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, VI, VII, VIII, XII agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, VI, VII, VIII, XII agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) I gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
"An Spáinn	Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de Islas Baleares Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma del País Vasco Comunidad Autónoma del Principado de Asturias"

(b) I gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
"An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha Comunidad Autónoma de Castilla y León Comunidad Autónoma de Extremadura Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma de Valencia"

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) I gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Ungáir:

Ballstát	Críoch
"An Ungáir	An críoch iomlán seachas Szabolcs-Szatmár-Bereg megye"

(b) I gCuid II, cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an Ungáir isteach roimh an iontráil a bhaineann leis an bPolainn:

Ballstát	Críoch
"An Ungáir	Szabolcs-Szatmár-Bereg megye"

(3) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
"An Iodáil	Regione Friuli Venezia Giulia Regione Trentino – Alto Adige Regione Veneto"

(b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
"An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Apulia Regione Basilicata Regione Calabria Regione Campania Regione Emilia-Romagna Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise Regione Piemonte Regione Sicilia Regione Toscana Regione Valle d'Aosta Regione Umbria	21 Aibreán 2021"

(4) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch
"An Ghearmáin	Bundesland Baden-Württemberg Bundesland Bayern: Regierungsbezirk Oberbayern Na cathracha agus *Landkreise* seo a leanas in Regierungsbezirk Niederbayern: Stadt Landshut, Stadt Passau, Stadt Straubing, Freyung-Grafenau, Kelheim, Lkr. Landshut, Lkr. Passau, Regen, Rottal-Inn, Lkr. Straubing-Bogen, Na cathracha agus *Landkreise* seo a leanas in Regierungsbezirk Oberpfalz: Stadt Amberg, Stadt Regensburg, Weiden in der Oberpfalz, Lkr. Amberg-Sulzbach, Cham, Neumarkt in der Oberpfalz, Neustadt an der Waldnaab, Lkr. Regensburg, Schwandorf, Tirschenreuth Na cathracha agus *Landkreise* seo a leanas in Regierungsbezirk Oberfranken: Stadt Bamberg, Stadt Bayreuth, Stadt Coburg, Stadt Hof, Lkr. Bamberg, Lkr. Bayreuth, Lkr. Coburg, Forchheim, Lkr. Hof, Kronach, Kulmbach, Lichtenfels, Wunsiedel im Fichtelgebirge Na cathracha agus *Landkreise* seo a leanas in Regierungsbezirk Mittelfranken: Stadt Ansbach, Stadt Erlangen, Stadt Fürth, Nürnberg, Schwabach, Lkr. Ansbach, Lkr. Erlangen-Höchstadt, Lkr. Fürth, Nürnberger Land, Neustadt an der Aisch-Bad Windsheim, Roth, Weißenburg-Gunzenhausen Na cathracha agus *Landkreise* seo a leanas in Regierungsbezirk Unterfranken: Stadt Aschaffenburg, Stadt Schweinfurt, Stadt Würzburg, Lkr. Aschaffenburg, Bad Kissingen, Röhn-Grabfeld, Haßberge, Kitzingen, Miltenberg, Main-Spessart, Lkr. Schweinfurt, Lkr. Würzburg

	Na cathracha agus *Landkreise* seo a leanas in Regierungsbezirk Schwaben: Stadt Augsburg, Kaufbeuren, Kempten im Allgäu, Memmingen, Aichach-Friedberg, Dillingen an der Donau, Günzburg, Neu-Ulm, Lindau, Oberallgäu, Unterallgäu, Donau-Ries Bundesland Brandenburg Bundesland Bremen Bundesland Hamburg Bundesland Hessen Bundesland Mecklenburg-Vorpommern Bundesland Rheinland-Pfalz Bundesland Saarland Bundesland Sachsen Bundesland Sachsen-Anhalt Bundesland Thüringen”

(b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
“An Ghearmáin	Bundesland Bayern: Na cathracha agus *Landkreise* seo a leanas in Regierungsbezirk Niederbayern: Deggendorf, Dingolfing-Landau Na cathracha agus *Landkreis*e seo a leanas in Regierungsbezirk Schwaben: Lkr. Augsburg, Ostallgäu Bundesland Berlin Bundesland Niedersachsen Bundesland Nordrhein-Westfalen Bundesland Schleswig-Holstein	21 Feabhra 2022”

(5) In Iarscríbhinn VIII, leasaítear Cuid I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch
“An Ghearmáin	Bundesland Baden-Württemberg Bundesland Bayern Bundesland Berlin Bundesland Brandenburg Bundesland Bremen Bundesland Hamburg Bundesland Hessen Bundesland Mecklenburg-Vorpommern Bundesland Niedersachsen Bundesland Nordrhein-Westfalen Bundesland Rheinland-Pfalz: Na *Landkreise* seo a leanas: Ahrweiler, Altenkirchen, Alzey-Worms, Bad Dürkheim, Bad Kreuznach, Birkenfeld, Cochem-Zell, Donnersbergkreis, Germersheim, Kaiserslautern, Kusel, Mainz-Bingen, Mayen-Koblenz, Neuwied, Rhein-Hunsrück-Kreis, Rhein-Lahn-Kreis, Rhein-Pfalz-Kreis, Südliche Weinstraße, Südwestpfalz, Westerwaldkreis

	Na cathracha seo a leanas: Frankenthal (Pfalz), Kaiserslautern, Koblenz, Landau in der Pfalz, Ludwigshafen am Rhein, Mainz, Neustadt an der Weinstraße, Pirmasens, Speyer, Worms, Zweibrücken Bundesland Saarland Bundesland Sachsen Bundesland Sachsen-Anhalt Bundesland Schleswig-Holstein Bundesland Thüringen”

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
“An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía: Cúige Almería Cúige Granada, na réigiúin seo a leanas: Cúige Granada, na réigiúin seo a leanas: Alhama de Granada (Alhama/Teampall), Baza (Altiplanicie Sur), Guadix (Hoya-Altiplanicie de Guadix), Huescar (Altiplanicie Norte), Iznalloz (Montes Orientales), Loja (Vega/Montes Occ.), Orgiva (Alpujarra/Valle de Lecrin), Santa Fe (Vega de Granada) Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Asturias Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha, seachas na réigiúin seo a leanas: Almadén, Almodóvar del Campo, Piedrabuena i gCúige Ciudad Real Belvis de la Jara, Gálvez, Los Navalmorales, Oropesa, Talavera de la Reina, Toledo, Torrijos i gCúige Toledo Comunidad Autónoma de Castilla y León, seachas na réigiúin seo a leanas: Cúige Salamanca Ávila, Arenas de San Pedro, Candeleda, Cebrero, El Barco de Ávila, El Barraco, Navaluenga, Navarredonda de Gredos, Piedrahíta, San Pedro del Arroyo, Sotillo de la Adrada i gCúige Ávila Bermillo de Sayago i gCúige Zamora Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid, seachas na réigiúin seo a leanas: Navalcarnero, San Martín de Valdeiglesias Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma de País Vasco Comunidad Autónoma de Valencia”

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPortaingéil:

Ballstát	Críoch
“An Phortaingéil	Região Autónoma dos Açores Região Autónoma da Madeira”

(6) In Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II:

"CUID II

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le BTV

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
An Spáinn	Communidad Autónoma de Andalucía: Cúigí Cádiz, Córdoba, Huelva, Jáén, Málaga, Sevilla Cúige Granada: Motril (Costa de Granada) Communidad Autónoma de Castilla-La Mancha: Cúige Ciudad Real, na réigiúin seo a leanas: Almadén, Almodóvar del Campo agus Piedrabuena Communidad Autónoma de Extremadura: Communidad Autónoma de Islas Baleares	21 Feabhra 2022"

(7) In Iarscríbhinn XII, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFionlainn:

Ballstát	Críoch
"An Fhionlainn	Críoch iomlán"

(8) In Iarscríbhinn XIII, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFionlainn:

Ballstát	Críoch
"An Fhionlainn	An chríoch iomlán, seachas an méid seo a leanas: 1) an deighleog chósta arb éard atá inti na codanna sin de bhardasachtaí Föglö, Lumparland, Lemland, Vårdö atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 19,331 km dar lár na gcomhordanáidí WGS84 domhanleithead 59,975253701 °, domhanfhad 20,454027317 ° 2) an deighleog chósta arb éard atá inti na codanna sin de bhardasachtaí Eckerö agus Hammarland atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km dar lár na gcomhordanáidí WGS84 domhanleithead 60,207175390 °, domhanfhad 19,507907780 °"